



Séideán Sí

ÚBALONGA

Ábhar tacaíochta léitheoireachta
agus tuisceana

Aoife Ní Fhlannagáin

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Caibidil 1	3
Caibidil 2	5
Caibidil 3	7
Caibidil 4	9
Caibidil 5	12
Caibidil 6	14
Caibidil 7	16
Caibidil 8	18
Caibidil 9	20
Caibidil 10	23
Caibidil 11	25
Caibidil 12	28
Caibidil 13	30
Caibidil 14	33
Caibidil 15	36
Caibidil 16	39
Caibidil 17	42
Caibidil 18	44
Caibidil 19	46
Caibidil 20	49
Caibidil 21	52
Caibidil 22	54
Caibidil 23	57



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cad a bhí faoi philiúr Mhamaí?
2. Ar labhair a mham leis an mbuachaill faoin turas riamh?
3. Ainmnigh trí theanga atá ag a mham.
4. An mbíodh aon ghrianghraf ag Mamaí nuair a thagadh sí abhaile?
5. Cén fhianaise ar an turas a bhíodh ag Mamaí nuair a thagadh sí abhaile?
6. Cén fáth ar thug a athair ‘tréimhse an tsáspain’ ar an tréimhse seo?
7. Cad a chonaic an buachaill nuair a léigh sé an Úbaloingis?
8. Cén fhianaise sa scéal a insíonn dúinn go bhfuil ‘bua ar leith ag Mam i dteangacha’?
9. Cad is brí le ‘tréimhse suaimhnis’?
10. Cad a cheap a chairde faoi nós a mháthar dul as baile go rialta?

Gramadach

Cuardaigh cúig bhriathar, cúig aidiacht agus cúig ainmfhocal anseo agus scríobh sa bhosca ceart iad.

piliúr, d’oscail, litir, chuala, d’aithin, fáinní, foclóir, grianghraf, shíl, bhíodh, aisteach, nua, beag, dóthain, iontas

Briathra

Aidiachtaí

Ainmfhocail

_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____



Cumadóireacht

An féidir leatsa scéal gearr de do chuid féin a chumadh le hoiread de na focail thuas agus is féidir? Bí ag obair leis an duine in aice leat.



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. saighead _____
2. aibítir _____
3. mionteanga _____
4. athluchtú cadhnaí _____
5. tréimhse suaimhnis _____



Plé le do Pháirtí

An bhfuil tús an leabhair seo go maith, meas tú? An gcuireann sé aon leabhar eile i gcuimhne duit?



Taighde

Úsáid foclóir ar an idirlíon chun na frásaí seo a aistriú go ceann de na teangacha atá ag Mam.

An teanga: _____

Dia duit: _____

Oíche mhaith: _____

Go raibh maith agat: _____

Slán go fóill: _____



Scríbhneoireacht

‘Cá ndeachaigh Mam nuair a d’imigh sí as baile?’

Pléigh an cheist seo le do pháirtí agus scríobhaigí trí cheist a bhí an buachaill a iarraidh a chur ar a Mham.

1. _____
2. _____
3. _____



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Cad é an 'siosarnach ceolmhar' a dhúisigh an buachaill?
2. Cá raibh a athair?
3. Cad a rinne an buachaill nuair a chuala sé gleo aisteach ó sheomra a thuismitheoirí?
4. Cad a bhí i lámh a mháthar?
5. Cad iad an dá uirlis a d'úsáid a mháthair mar mhicreafón nó fón póca?
6. Cad a dúirt a mháthair leis nuair a chonaic sí é?
7. Cén fáth nár chodail an buachaill ina dhiaidh sin?
8. Ceapann an buachaill go bhfuil a mháthair 'imithe as a ciall'. Cén fáth?
9. Cén fáth ar cheap an buachaill nach raibh móran Gaeilge ag an duine a bhí ar an bhfón léi?
10. An ag brionglóideach a bhí an buachaill?

Cum Scéilín

Léigh na frásaí thíos. An dtuigeann tú iad? Nuair a thuigfidh tú gach ceann díobh, déan iarracht scéal an-ghearr a chumadh ó bhéal inar féidir leat iad a úsáid. Déanfaidh do pháirtí an rud céanna. Insígí bhur scéalta dá chéile!

- Ó, a thiarcais!
- Bhí mé ionann is cinnte go raibh mé i mo dhúiseacht.
- Bhí tuairim agam gur aithin mé guth mo Mham.
- Níor chodail mé néal an chuid eile den mhaidin.



An Suíochán Te

Roghnaigh dalta chun teacht amach chun páirt an bhuachalla sa scéal a ghlacadh. Cuir ceisteanna air faoin méid a chonaic sé aréir. Is féidir leis an dalta na nathanna thuas a úsáid.



Gramadach

Tá go leor samplaí den aimsir chaite sa chaibidil seo. Aimsigh agus scríobh deich mbriathar ón gcaibidil seo atá san aimsir chaite.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

Roghnaigh cúig bhriathar ón liosta thuas agus cum abairtí de do chuid féin leo.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. gleo: _____
2. cogarnaíl: _____
3. an-aisteach: _____
4. cruinn: _____
5. ciall: _____
6. ag brionglóideach: _____



Scríbhneoireacht

I do chóipleabhar, scríobh scéal ag tosú mar seo:

‘Ba bhreá liom a chreidiúint nach raibh ann ach brionglóid. Ach i mo chroí istigh bhí a fhios agam nárbh ea ...’



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cén t-am ar éirigh an mháthair?
2. Cén fáth ar chaith an buachaill an-chuid ama sa seomra folctha?
3. Cad a chonaic an buachaill nuair a d'oscail sé doras na cistine?
4. Cén fáth nach raibh ionadh ar an mbuachaill nuair a chonaic sé a mháthair ag ithe spúnóg i ndiaidh spúnóige de shiúcra?
5. Cad a bhí ar siúl ag a mháthair leis an spúnóg eile?
6. Cén fáth ar cheap an buachaill go raibh sé ag dul as a mheabhair?
7. Cén gléas a bhí ag an máthair an dara huair a bhí sí ag caint 'ar an bhfón'?
8. Dar leis an máthair, cad é 'an gléas is fearr a oibríonn san oíche'?
9. Cén fáth ar scríob an mháthair an zaipire teilifíse?
10. 'Ba mhinic cairde á rá léi go bhfaigheadh sí diaibéiteas.' Cén fáth?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. cithfholcadh: _____
2. cuimil: _____
3. andúileach: _____
4. amhrasach: _____
5. zaipire: _____
6. salachar: _____



Plé Grúpa

I ngrúpaí de cheathrar, pléigí na ceisteanna thíos. Léirígí dea-nósanna cumarsáide – éisteacht le cainteoirí eile agus bhur dtuairimí a chur i láthair ar shlí éifeachtach shoiléir.

1. Cad a dhéanfa dá mbeifeá sa chás céanna leis an mbuachaill seo? Cad is ceart dó a dhéanamh? Cén fáth?
2. Meas tú cé atá ar an bhfón ag caint leis an máthair?
3. An maith an rud é mórchuid siúcra a ithe? Cén fáth?



Scríbhneoireacht agus Taighde

Déan taighde ar shiúcra. Smaoinigh ar na pointí seo a leanas:

- Cad as a dtagann sé? Conas a dhéantar é?
- Buntáistí / Míbhuntáistí (mar shampla, níl sé róshláintiúil)



Gramadach

Tá na focail thíos ón gcaibidil seo measctha suas. Tá an patrún '-ua' iontu ar fad.

1. riau: _____
2. alhacu: _____
3. ubacs rhgiaueg: _____
4. aithiu: _____
5. slcau: _____

Aimsigh trí shampla eile den phatrún seo ó chabidil 1 nó 2.

1. _____
2. _____
3. _____

Cur síos a dhéanamh

Rinne an buachaill cur síos maith ag tús na caibidle ar na rudaí éagsúla a rinne sé ar maidin. Déan thusa iarracht anois cur síos a dhéanamh ar an maidin agat féin. Luaigh na nithe seo:

- Cén t-am a n-éiríonn tú?
- Cén t-am a bhfágann tú an teach le dul ar scoil?
- Cad a dhéanann tú (céim ar chéim)?
- Conas a théann tú chun na scoile?
- Cad a itheann tú don bhricfeasta?



CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Ar aontaigh an mháthair leis an mbuachaill nuair a dúirt sé léi go raibh cabhair de dhíth uirthi?
2. An raibh an buachaill ag súil leis an bhfreagra a fuair sé?
3. Cad é an ‘cúnamh gairmiúil’ a bhí i gceist ag an mbuachaill?
4. Cad a dhéanfaidh an Dochtúir Ó Cléirigh don mháthair, dar leis an mac?
5. Cén sórt cabhrach nach bhfuil ag teastáil ón máthair, dar léi?
6. Cad a bhí i gceist ag an máthair nuair a dúirt sí go raibh ‘saineolaí’ uaiti?
7. Meas tú cad a tharlóidh sa scéal? Úsáid na leideanna atá sa scéal go dtí seo, idir chlúdach an leabhair, léaráidí agus an téacs, chun tacú le do thuairim.
8. Cad a insíonn gníomhaíochtaí an bhuachalla sa chaibidil seo dúinn faoina phearsantacht? Cén sórt duine é, dar leat?



Stór Focal 1

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. de dhíth: _____
2. admháil: _____
3. galar intinne: _____
4. comhairle: _____
5. saneolaí: _____
6. síceolaí: _____



Stór Focal 2

'... tá cabhair **de dhíth** ort.'

Maidir leis an leagan 'de dhíth' thuas. An féidir leatsa smaoineamh ar aon bhealach eile chun an rud céanna a rá? Pléigh é seo leis an duine atá in aice leat.



Scríbhneoireacht

Seolann an buachaill an ríomhphost seo chuig a chara ar mhaithe le comhairle a fháil. Scríobh an ríomhphost a sheolfaidh a chara ar ais chuige.

Chuig: _ □ ×

Ó:

Ábhar: Ag lorg comhairle phráinneach

A Sheáin, a chara

Tá mo Mham imithe as a meabhair! Táim tar éis foclóir a aimsiú faoina piliúr a bhaineann le teanga nár chuala mé trácht uirthi riamh! Chomh maith leis sin, cloisim í ar an bhfón le duine éigin, agus níl a fhios agam cé hí nó cé hé an duine sin! Ar maidin ní raibh fón ina lámh aici ar chor ar bith ... spúnóg a bhí ann! Agus í ag caint leis an spúnóg! Cad a dhéanfaidh mé, a Sheáin? Táim trína chéile agus an-imníoch fúithi.

An féidir leat aon chomhairle a chur orm, le do thoil?

Seol
✎ 😊 🗑️ | ▾



Gramadach

Má tá séimhiú ar ainmfhocal dar tús consan sa tuiseal ainmneach tar éis an ailt **an**, is focal baininsneach é, mar shampla:

fuinneog › an **fh**uinneog

fírinne › an **fh**írinne.

Rangaigh na focail seo de réir inscne:

an ghruaig, an piliúr, an fáinne, an mháthair, an foclóir, an freagra

Firinsneach	Baininsneach

Smaoinigh ar rudaí éagsúla atá timpeall an tseomra ranga nó timpeall na scoile. Aimsigh ainmfhocail atá baininsneach agus firinsneach chun cur leis an liosta.

Baininsneach

Firinsneach



CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Cad a d'iarr an mháthair ar an mbuachaill a dhéanamh sular thosaigh sí ag insint an scéil?
2. Cén cheist a chuir an buachaill uirthi sular thosaigh sí ag insint an scéil?
3. Cad a dhéanann an cnaipe beag?
4. Cá bhfuair an buachaill an foclóir?
5. Ar cheart an bhéim a leagan ar thús nó ar dheireadh an fhocail 'Úbaloingis', dar leis an máthair?
6. Cad í teanga dhúchais na máthar?
7. Cad a bhí ag teastáil ón mbuachaill ag deireadh na caibidle?
8. 'Ná habair dada go dtí go mbeidh an scéal ar fad cloiste agat.' Cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn an scéal ar fad ag daoine? An bhfuil a leithéid sin feicthe agat in aon leabhar/scéal eile?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. séimh: _____
2. ag scríobadh: _____
3. gléas cumarsáide: _____
4. mo theanga dhúchais: _____
5. an fhírinne: _____
6. osna: _____



Scríbhneoireacht

‘Úbaloingis,’ arsa mise. An bhéim chéanna á leagan agamsa ar dheireadh an fhocail.

‘Is ea. Úbloingis.’ Stop sí. D’fhéach sí go géar orm amhail is dá mbeadh sí ag iarraidh a haigne a dhéanamh suas maidir le cé mhéad a d’fhéadfadh sí a insint dom.

I do chóipleabhar, scríobh an scéal, i d’fhocail féin, a d’inis an mháthair don bhuachaill.



Plé Ranga: Díospóireacht

‘Bíonn an fhírinne searbh, ach is fiú an fhírinne a insint i gcónaí.’

Déan díospóireacht ranga bunaithe ar an rún seo. Bíodh do phointí ullmhaithe agat roimh ré.



Gramadach

Uaireanta, déantar dearmad ar na consain shéimhithe agus muid i mbun léitheoireachta, is é sin, cinn ar nós bh, ch, dh, fh, gh, mh, sh, agus mar sin de. Seo cúpla sampla:

mo **mhála**, an **fhuinneog**, an **chathaoir**

Marcáil na consain shéimhithe sna sleachta thíos agus déan cleachtadh orthu chun do chuid foghraíochta a fheabhsú.

Bhain sé seo stad asam.

‘Do theanga dhúchais? Ach níor chuala mé trácht riamh ar an Úbaloingis. Cá háit a...?’

Níor lig sí dom an abairt a chríochnú.

‘Ceist chasta,’ ar sise. ‘An-chasta.’

Arís an chuma uirthi go raibh na focail á dtomhas aici. Go raibh leisce uirthi a thuilleadh a rá.

‘Abair leat,’ arsa mise arís. ‘An fhírinne atá uaim. An fhírinne ghlan.’

Lig sí osna chléibh.



Taighde

Déan taighde ar pháistí uile na scoile agus faigh amach cé mhéad teanga dhúchais atá ag páistí na scoile. Léirigh na torthaí le graf nó le píchairt.



CAIBIDIL 6

Triail Tuisceana

1. Cén tír dhúchais a bhain leis an máthair dar leis an mbuachaill ag tús na caibidle?
2. Cad é tír dhúchais na máthar?
3. An bhfuil Úbalonga sa ghrianchóras seo?
4. An áit mhór é Úbalonga?
5. Cén fáth nach féidir Úbalonga a aimsiú ar léarscáil?
6. Smaoinigh an buachaill ar na pláinéid go léir. An raibh Úbalonga ina measc?
7. Scríobh amach trí phointe eolais faoi Úbalonga agus faoi mhuintir Úbalonga.
8. Cad a insíonn an mháthair dá mac fúithi féin ag deireadh na caibidle?
9. Cén fáth ar léirigh an mháthair an scil seo dá mac?
10. An gcreidfidh an buachaill scéal a Mham nuair a chloisfidh sé é?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. ar chúis éigin: _____
2. imithe thar fóir: _____
3. bua ar leith: _____
4. príobháideach: _____
5. samhlaíocht: _____
6. coimhthíoch: _____



Scríbhneoireacht/Ealaín

Scríobh scéal nó dear stiallscannán nó tarraing pictúr bunaithe ar an abairt seo:
'Is allúrach mé. Allúrach ó phláinéad eile. Ó ghrianchóras eile.'



Taighde

Déan taighde ar cheann de na pláinéid a luaigh an buachaill ar leathanach 26.
 Cuir do chuid eolais i láthair an ranga.





CAIBIDIL 7

Triail Tuisceana

1. Cé leis a raibh an mháthair ag caint ar an ngléas cumarsáide?
2. Cén sórt ábhair a oibríonn go maith leis an ngléas cumarsáide?
3. Cad iad na difríochtaí idir an chaoi a bhfeidhmíonn an gléas cumarsáide i rith an lae agus i rith na hoíche?
4. Cén fáth a mbíonn an triomadóir gruaige ar cheann de na gléasanna is fearr a oibríonn san oíche?
5. 'Bhí mé fágtha i mo staic. Mo bhéal ar leathadh...'. Conas a mhothaíonn an buachaill sa chéad alt?
6. Cén sórt cúnamh atá ag teastáil ó mhuintir Úbalonga, i do thuairim?
7. Cén fáth nach n-úsáideann muintir Úbalonga fóin phóca?
8. An maith an rud é an gléas cumarsáide, i do bharúil? Cén fáth?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. ag impí orm: _____
2. trealamh: _____
3. earraí leictreacha: _____
4. cuisle: _____
5. cadhnraí: _____
6. ag spréacharnaigh: _____



Scríbhneoireacht

Léigh an chaibidil arís agus glac nótaí de na cumhachtaí a bhaineann leis an ngléas cumarsáide. Anois, samhlaigh go bhfuil do ghléas cumarsáide féin agat, agus scríobh faoi. Cad iad na cumhachtaí a bhaineann leis? An bhfuil ábhar ar bith ann a n-oibríonn sé air?



Ealaín

Dear an gléas cumarsáide a ndearna tú cur síos air thuas. Is féidir leat líníocht a dhéanamh nó ábhair athchúrsáilte a úsáid chun samhaltán 3-T a dhéanamh.



Taighde agus plé

Déan suirbhé leis na páistí eile sa rang agus úsáid á baint as na ceisteanna thíos, nó scríobh do cheisteanna féin.

1. An maith an rud é a bheith in ann smaointe daoine eile a léamh?
2. An gcreideann sibh scéal Mhamaí go dtí seo?
3. Ar cheart don bhuachaill a bheith buartha faoina mháthair?

Nuair a bheidh na sonraí bailithe agat, léirigh do chuid torthaí ar bharrachairt, nó ar phíchairt, agus is féidir é a chur i láthair an ranga.



CAIBIDIL 8

Triail Tuisceana

1. Cá raibh an mháthair ina cónaí don chéad chuid dá saol?
2. Cén post a bhí ag seanathair an bhuachalla?
3. Cén fáth ar dhear siad an spáslong bheag?
4. Cé chomh beag is a bhí an spáslong?
5. Cén t-ainm a thug siad ar an bpláinéad a chonaic siad?
6. Cad í an cheist a bhí ‘ar bheola gach duine’?
7. Conas a mhothaigh Mam nuair a chonaic sí muintir Phláinéad X den chéad uair sna pictiúir?
8. Cad a rinne Mam nuair a thuig sí go raibh daoine eile amuigh ansin a raibh teanga agus intleacht agus inchinn de shaghas éigin acu?
9. Cén freagra a fuair siad ar an ‘gceist mhór’?
10. Cad a rinne seanathair an bhuachalla nuair a chonaic sé na pictiúir ó Phláinéad X?



Cum Dráma

Cum drama bunaithe ar an bpictiúr ar leathanach 36 agus muintir Úbalonga ag fanacht le scéal ón tóireadóir. Roghnaigh frásaí saibhre ón gcaibidil agus cuir isteach sa script iad.



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. *Spástaisteal*

Brí: _____

Abairt: _____

2. Spáseolaí

Brí: _____

Abairt: _____

3. Spásfíolóta

Brí: _____

Abairt: _____

4. Spásinnealtóir

Brí: _____

Abairt: _____

5. Dromchla

Brí: _____

Abairt: _____

6. Inchinn

Brí: _____

Abairt: _____

**Scríbhneoireacht**

Féach ar an bpictiúr ar leathanach 36. Meas tú cén chaoi a mothaíonn na heolaithe agus iad ag féachaint ar na pictiúir atá ag teacht chucu ón bpláinéad eile. Samhlaigh gur duine de na heolaithe sin tusa. Scríobh iontráil dialainne ina ndéanfaidh tú cur síos ar an nóiméad sin.





CAIBIDIL 9

Triail Tuisceana

1. Cén ‘mhórchest’ a bhí le freagairt ag an mbuachaill?
2. Cad a cheap an buachaill faoi ábhar scéal a mháthar. Ar chreid sé í?
3. Cén cheist a chuir an buachaill air féin go minic agus é ag féachaint ar na réaltaí sa spéir?
4. An bhfuil spéis ag an mbuachaill i scéal a mháthar?
5. Ar chreid an mháthair an méid a bhí á rá aici féin?
6. ‘Ar ndóigh, bhí ceisteanna agam. Na mílte ceist.’ Cén fáth nár chuir an buachaill na ceisteanna sin ar a mháthair ag an bpointe sin?
7. ‘Dá mbeifeá liom sa chistin an lá sin thuigfeá nach raibh aon bhréag á hinsint aici.’ Cén fáth a gcreidfeá í?
8. Cén íomhá dá sheantuismitheoirí a shamhlaigh an buachaill agus é ag éisteacht le scéal a mháthar?
9. ‘Lean ort, a Mham,’ arsa an buachaill. Cén fath a ndúirt sé é sin lena Mham?
10. An bhfuil samhlaíocht mhaith ag an mbuachaill, dar leat? Cén fáth a gceapann tú é sin?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. **Cruinne**

Brí: _____

Abairt: _____

2. **Loinnir**

Brí: _____

Abairt: _____

3. Bréag

Brí: _____

Abairt: _____

4. Glór

Brí: _____

Abairt: _____

5. Meallta

Brí: _____

Abairt: _____

**Teanga ó bhéal**

Pléigh na nathanna seo ón gcaibidil agus cum abairtí a léiríonn an bhrí atá leo.

- Craiceann na fírinne
- Go huile agus go hiomlán

**Preasagallamh**

Beidh sibh in bhur n-iriseoirí agus beidh preasagallamh agaibh sa rang leis an máthair. Ar dtús, pléigh ról an iriseora le do pháirtí. Cad iad na dea-chleachtais a bhíonn ag iriseoirí chun caighdeán na hoibre a chinntiú? Déan ullmhúchán don phreasagallamh ar dtús, is é sin, bí ag léamh siar agus ag cumadh ceistanna le cur ar an máthair. Roghnóidh an múinteoir dalta éigin le teacht amach chun páirt na máthar a ghlacadh agus beidh oraibhse é/í a chur faoi agallamh. Glac nótaí agus an preasagallamh ar siúl.



Gramadach

Is minic a dhéanaimid comparáid idir rudaí agus tá sé an-úsáideach, mar sin, na foirmeacha cearta comparáide de na haidaichtaí a bheith ar eolas agat. Lión isteach na bearnaí thíos. Tá an chéad cheann déanta cheana le cabhrú leat.

Cruinn (lch 9)	Níos <u> cruinne </u>	Is <u> cruinne </u>
Éasca (lch 24)	Níos <u> </u>	Is <u> </u>
Maith (lch 31)	Níos <u> </u>	Is <u> </u>
Fada (lch 33)	Níos <u> </u>	Is <u> </u>
Mór (lch 34)	Níos <u> </u>	Is <u> </u>
Beag (lch 35)	Níos <u> </u>	Is <u> </u>

An féidir leatsa gach foirm thuas a úsáid in abairt phraiticiúil bunaithe ar rudaí timpeall na scoile nó ar rudaí a bhaineann leis an scoil?



Scríbhneoireacht

Scríobh blag nó alt nuachta faoin máthair agus faoina saol in Úbalonga. Úsáid do chuid nótaí ón bpreasagallamh mar fhianaise go bhfuil saol eile amuigh ansin. Déan plan ar dtús, agus roghnaigh teideal oiriúnach ag an deireadh a mheallfaidh léitheoirí chun an píosa a léamh.



CAIBIDIL 10

Triail Tuisceana

1. Cá ndeachaigh na tóireadóirí?
2. Cén sórt eolais a bhailigh na tóireadóirí?
3. Cad a bhailigh an gléas taifeadta a bhí i roinnt de na tóireadóirí?
4. Cé mheád teanga a bhí ar taifead acu?
5. An raibh teangacha éagsúla acu in Úbolonga?
6. Cén sórt eolais a bhailigh siad faoi nósanna an domhain tar éis dóibh líofacht a bhaint amach sna teangacha sin?
7. Cén cinneadh a rinne tuismitheoirí na máthar tar éis dóibh an méid sin eolais a bhailiú?
8. Cén mhaitheas a bhain leis na teangacha ó Phláinéad X a bhailiú?
9. 'Níor thuig siad, mar sin, nach raibh sa Ghaeilge ach mionteanga.' Cad is brí le mionteanga?
10. Cén fath ar stop an mháthair ag caint go tobann?



Stór Focal

An dtuigeann tú na focail thíos? Aimsigh sa sliocht iad agus déan iarracht a mbrí a oibriú amach ó na habairtí ina bhfuil siad. Nuair a thuigfidh tú iad, cuir in abairtí nua iad.

1. taighde: _____
2. gléas taifeadta: _____
3. líofacht: _____
4. idirdhealú: _____
5. nós: _____
6. taiscéalaíocht: _____



Díospóireacht

Tá bua na dteangacha ag máthair an bhuachalla. An maith an rud é a bheith in ann teangacha eile a labhairt? Cén fáth? Ar cheart dúinn níos mó teangacha a fhoghlaim ar scoil? Pléigh na buntáistí a bhaineann leis seo le do ghrúpa. Úsáid frásaí saibhre ón téacs nuair is féidir.



Gramadach

1. Aimsigh dhá shampla de bhriathar san aimsir chaite ar lch 40.

2. Aimsigh dhá shampla d'ainmfhocal san uimhir iolra ar lch 40.

3. Aimsigh dhá ainmfhocal bhaininscneacha agus trí ainmfhocal fhirinscneacha sa chaibidil. Úsáid d'fhoclóir chun an inscne a sheiceáil.

Baininscneach	Firinscneach

4. Aimsigh aidiacht ar leathanach 40.



Scríbhneoireacht

Bhailigh na tóireadóirí eolas faoi chúrsaí aimsire, faoi chúrsaí bia agus faoin atmaisféar. Bhí gléas taifeadta i gcuid de na tóireadóirí, a bhailigh teangacha ó Phláinéad X. Dá mbeadh na tóireadóirí seo ag bailiú eolais faoi do cheantar féin, cad iad na rudaí a d'fheicfidís agus a chloisfidís? Scríobh an tuairisc a chuirfí le chéile bunaithe ar thaifeadtaí na dtóireadóirí. Is fiú ceannteidil a úsáid i do thuairisc.



CAIBIDIL 11

Triail Tuisceana

1. Cén méid siúcra a chaith an mháthair isteach ina cúpán tae?
2. An raibh difríochtaí idir na torthaí agus na glasraí ar Phláinéad X agus ar Úbalonga?
3. Cad é nárbh fhéidir leis an tóireadóir a sheoladh ar ais go hÚbalonga a bhain le bia?
4. Cén fáth ar thug muintir Úbalonga bia leo ar an turas taiscéalaíochta?
5. An mbeadh seodra Úbalonga tarraingteach do mhuintir Phláinéad X? Cén fáth?
6. Cé a thug an fáinne don mháthair?
7. An ndearna siad sárthaighde ar chúrsaí bia agus uisce ar Phláinéad X? Aimsigh fianaise ón téacs a thacaíonn le do fhreagra.
8. An gceapann tú gur phlean cliste a bhí ann an seodra a dhíol?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. *Riachtanach*

Brí: _____

Abairt: _____

2. Contúirt

Brí: _____

Abairt: _____

3. Vitimíní

Brí: _____

Abairt: _____

4. Ganntanas

Brí: _____

Abairt: _____

5. Piollaí

Brí: _____

Abairt: _____

6. Suaitheantas

Brí: _____

Abairt: _____

7. Bráisléad

Brí: _____

Abairt: _____

8. Muince

Brí: _____

Abairt: _____



Gramadach: An Modh Coinníollach

Léigh an sliocht thíos. Cuir dath ar na samplaí den mhodh coinníollach atá sa téacs.

Bhuail Deirdre an sliotar thar an trasnán! Ó, ba bheag nár bhuail sí fuinneog na cistine. Peo! Dá mbrisfeadh sí í, ligfeadh sí uirthi gurb í a deirfiúr a rinne é, ach ní chreidfeadh a máthair í. Ghlanfadh sí suas é agus bheadh pionós i gceist. Ghlacfadh sí leis an bpionós go bogchroíoch. Chaithfeadh sí na gréithe a ní ar feadh coicíse. D'fhéadfadh sí iarraidh ar a deirfiúr é a dhéanamh di!



Scríbhneoireacht

Bhí mé ag féachaint ar an bhfáinne nua a fuair mé sa siopa earraí athláimhe. Go tobann tháinig solas láidir ón bhfáinne. Ansin phreab mo chroí nuair a labhair an fáinne liom. Fáinne draíochta a bhí ann!

Scríobh scéal a mbeidh na línte seo thuas mar thús leis.



CAIBIDIL 12

Triail Tuisceana

1. Cén gaol nach raibh aon aithne ag an mbuachaill uirthi?
2. Cén fáth ar tháinig deoir le súile na máthar?
3. Cad a tharla dá tuismitheoirí?
4. Cad a rinne an buachaill chun a mháthair a chur ar a suaimhneas agus í ag labhairt faoi bhás a tuismitheoirí?
5. Cén fáth nach bhfuil an dúil chéanna ag an mbuachaill sa siúcra is atá ag a mháthair?
6. Cad a thug an buachaill faoi deara faoina mháthair agus í ag ól an tae?
7. Cén bhuairt a bhí ar an mbuachaill faoina mháthair?
8. Conas a léiríonn an t-údar dúinn cé chomh trína chéile a bhí an mháthair agus í ag labhairt faoi bhás a tuismitheoirí?
9. Cén fáth a raibh an méid sin prócaí suibhe sa chófra i gcónaí?
10. 'An dá rúd,' arsa mo mháthair. 'Rinne an dá rud maitheas dom'. Cén fáth, meas tú?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. *Go fras*

Brí: _____

Abairt: _____

2. *Smeadráilte*

Brí: _____

Abairt: _____

3. Córas díleá

Brí: _____

Abairt: _____

4. Bolgam

Brí: _____

Abairt: _____

5. Laghairt

Brí: _____

Abairt: _____

**Plé Ranga**

Tá an greann agus an brón an-soiléir sa chaibidil seo. Conas a láimhseálann an t-údar an dá mhothúchán sin le chéile? An ndéanann sí é ar shlí éifeachtach? An féidir leatsa an chaibidil seo a scríobh ar shlí eile nó an gceapann tú go n-oireann stíl an údair don scéal?

**Gramadach****Cúpla**

Féach ar na samplaí thíos. An dtugann tú aon rud faoi deara? An bhfuil an t-ainmfhocal i ndiaidh ‘cúpla’ san uimhir uatha nó san uimhir iolra?

Cúpla ceann	Cúpla uair
Cúpla tromanáil	Cúpla duine
Cúpla spúnóg	Cúpla soicind
Cúpla slis aráin	Cúpla nóiméad

Scríobh amach an riail i d'fhocail féin: _____

**Scríbhneoireacht**

Scríobh liosta de do chuid gaolta go léir agus tarraing crann ginealaigh más féidir leat.



CAIBIDIL 13

Triail Tuisceana

1. Cén uirlis a d'úsáid siad chun dromchla na bpláinéad a fheiceáil?
2. Cén fáth a raibh faitíos orthu agus iad ag seoladh trí stoirmeacha spáis?
3. Cad é an 'liathróid mhór' a bhí amach rompu?
4. Cad a tharla don spáslong?
5. Cad a tharla do thuismitheoirí na máthar?
6. Cén radharc deireanach a bhí ag an máthair ar a thuismitheoirí?
7. Cár thurling an mháthair?
8. Cén fhianaise ar leathanach 51 a thugann le fios dúinn go raibh an mháthair trína chéile agus í ag insint a scéil?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. **Bolcán**

Brí: _____

Abairt: _____

2. **Gaineamhlach**

Brí: _____

Abairt: _____

3. **Ag rothlú**

Brí: _____

Abairt: _____

4. Torann

Brí: _____

Abairt: _____

5. Cleatráil

Brí: _____

Abairt: _____

6. Tocht

Brí: _____

Abairt: _____

7. Spáschapsúl

Brí: _____

Abairt: _____

**Plé Ranga**

Agus sibh suite i gciorcal, pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad iad na príomh-mhothúcháin atá le brath sa scéal seo? Cad iad na heachtraí a léiríonn na mothúcháin sin?
2. Cad a tharlóidh sa chéad chuid eile den scéal? Cén chabhair atá ag teastáil ón máthair, meas tú?

**Gramadach**

Aimsigh (ar leathanach 50 agus 51) na hainmfhocail thíos san uimhir iolra. Cad iad na hathruithe a thagann orthu nuair a athraítear ó uatha go hiolra iad? Smaoinigh ar ainmfhocail eile a bhfuil an deireadh céanna leo. An dtagann an t-athrú céanna orthu?

Uimhir uatha

réalt

pláinéad

gealach

bolcán

stoirm

cnoc

gaineamhlach

tine

gaoth

canna

píosa

Uimhir iolra



Scríbhneoireacht

Nuair a dhúisigh Mamaí bhí sí 'go huile is go hiomlán' léi féin. Scríobh litir chuici chun moltaí agus misneach a thabhairt di ag an tráth uaigneach seo.

nó

Scríobh achoimre ar an scéal go dtí seo.





CAIBIDIL 14

Triail Tuisceana

1. Smaoiníonn an buachaill ar eachtra a tharla dó sa Spáinn, agus é ag éisteacht le scéal a mháthar. Cad a tharla dó?
2. Ag an bpointe seo, an raibh a fhios ag an máthair go raibh a tuismitheoirí marbh?
3. Cad a thug an mháthair faoi deara faoin ngrian?
4. Cén fhianaise ar leathanach 53 a léiríonn dúinn go mbraitheann sí fós an tráma a d'fhulaing sí san eachtra sin?
5. An bhfuil an eachtra a tharla don bhuachaill sa Spáinn cosúil le cás a mháthar agus í fágtha ina haonar ar Phláinéad X? Cén fáth? An mbeadh na mothúcháin a bhí acu mar an gcéanna?
6. 'Ag pointe éigin thuig sí go gcaithfeadh sí cinneadh a dhéanamh.' Cén cinneadh a bhí le déanamh aici?
7. Cén bhuairt a bhí uirthi dá mba rud é go gcreidfeadh muintir Phláinéad X a scéal?
8. Cheap sí go ndéanfadh muintir Phláinéid X iontas di, toisc go raibh a fhios aici gur mar sin a bheadh ar Úbalonga. An bhfuil an ceart aici é sin a rá, i do thuairim?
9. Cad iad na habairtí ag deireadh na caibidle a léiríonn dúinn go gceapann sí go bhfuil a tuismitheoirí fós beo?
10. Cad é do thuairim mar gheall ar an máthair agus an chaibidil seo léite agat? Cén sórt duine í? Cén fáth?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. **Cinneadh**

Brí: _____

Abairt: _____

2. Lipéad

Brí: _____

Abairt: _____

3. Iniúchadh

Brí: _____

Abairt: _____

4. Foinse eolais

Brí: _____

Abairt: _____

5. Iontas músaeim

Brí: _____

Abairt: _____

6. Maireachtáil

Brí: _____

Abairt: _____

 **Nathanna Cainte**

Pléigh na nathanna seo ón gcaibidil leis an duine in aice leat agus cum abairtí a léiríonn an bhrí atá leo.

1. Sceimhlithe as a beatha/Sceimhlithe as mo bheatha
2. Bhí creathán ina glór
3. Bheidís ag déanamh iontais di
4. Idir an dá linn

 **Scríbhneoireacht**

‘Sheas sí suas agus chuir sí chun oibre.’

Cad a insíonn an abairt thuas dúinn faoin máthair? Cén sórt duine í? An gcuireann an tréith seo aon duine ó do shaol féin/ó leabhar eile/ón domhan mórthimpeall ort i gcuimhne duit? Scríobh píosa gearr faoi phearsantacht do Mhamáí féin.

Gramadach: An réamhfocal ‘mar’

Tá an réamhfocal ‘mar’ an-choitianta sa teanga.

Féach na samplaí thíos. An dtugann tú aon rud faoi deara?

1. Bheidís ag iarraidh iad a iniúchadh **mar fhoirse** eolais.
2. Úsáidim an foclóir **mar chabhair** dom agus mé ag scríobh aistí.
3. Tá sí ag obair **mar dhochtúir** san Ardchathair.
4. Ní raibh aon fhonn uirthi an chuid eile dá saol a chaitheamh **mar iontas** músaeim.

An bhfuil aon phatrún le feiceáil i gcás na n-ainmfhocal i ndiaidh ‘mar’? Cad é do thuiscint ar an riail? An bhfuil difríochtaí idir focail a thosaíonn le consan agus focail a thosaíonn le guta i ndiaidh ‘mar’?

<p>Cad é an patrún a fheiceann tú?</p> <p>Tabhair míniú ar an riail bunaithe ar an bpatrún sin.</p>	
<p>An féidir leat samplaí breise a thabhairt chun an riail a léiriú?</p>	



CAIBIDIL 15

Triail Tuisceana

1. Scríobh liosta de na rudaí a d'aimsigh an mháthair i measc an smionagair.
2. Cad a chuir sí isteach sa mhála droma?
3. Cad a d'aimsigh sí ina póca?
4. Ar éirigh léi labhairt lena tuismitheoirí?
5. Cén fáth nár ghlaoigh sí ar a seanmháthair ná ar a huncaill?
6. Cad a rinne na piollaí a thóg sí?
7. Cár chuir sí an smionagar?
8. Cén fáth nach mbeadh aon duine in ann teacht chun í a tharrtháil?
9. Cad a spreag an mháthair agus a thug misneach di?
10. Cén fáth ar chuir sí an smionagar i bhfolach?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. **Ag póirseáil**

Brí: _____

Abairt: _____

2. **Smionagar**

Brí: _____

Abairt: _____

3. **Údarás**

Brí: _____

Abairt: _____

4. Misneach

Brí: _____

Abairt: _____

5. Carn

Brí: _____

Abairt: _____

**An Suíochán Te**

- Ligigí oraibh féin nach bhfuil aon chur amach agaibh ar an scéal go dtí seo.
- Tá bean éigin tar éis an mháthair a fheiceáil ag cur píosaí de rud éigin i bhfolach sa choill. Téann sí isteach sa siopa agus buaileann sí lena comharsana. Cuireann siad ceisteanna uirthi faoina bhfaca sí chun an scéal a oibriú amach. Cén fáth ar chuir sí na rudaí sin i bhfolach?
- Is féidir le duine éigin teacht amach chun ról an fhinné a ghlacadh agus is féidir le páistí eile sa rang páirt na gcomharsan a ghlacadh. Bíodh do cheisteanna ullmhaithe agat roimh ré.

**Gramadach**

1. Scríobh an t-alt thíos amach arís san aimsir láithreach.

Ar dtús _____ ag póirseáil tríd an smionagar. Í ag iarraidh teacht ar rud ar bith a chabhródh léi agus í ag fanacht ar a tuismitheoirí.

_____ ar an mála seodra agus _____ i leataobh é. _____ ar mhála droma agus _____ á líonadh

le bia, le piollaí agus le héadaí. Cúpla briste, fo-éadaí, geansaí, t-léinte,

seaicéad. Nuair a _____ a lámh i bpóca an tseaicéid

_____ ar chnaipe cumarsáide.

2. Anois scríobh an t-alt céanna san aimsir fháistineach.

Ar dtús _____ ag póirseáil tríd an smionagar. Í ag iarraidh teacht ar rud ar bith a chabhródh léi agus í ag fanacht ar a tuismitheoirí. _____ ar an mála seodra agus _____ i leataobh é. _____ ar mhála droma agus _____ á líonadh le bia, le piollaí agus le héadaí. Cúpla bríste, fo-éadaí, geansaí, t-léinte, seaicéad. Nuair a _____ a lámh i bpóca an tseaicéid _____ ar chnaipe cumarsáide.



Scríobh alt don nuachtán

Lig ort féin gur iriseoir tú atá tar éis leid a fháil ó dhuine éigin a chonaic gníomhaíochtaí na máthar. Scríobh alt don nuachtán ina ndéanfaidh tú cur síos ar an eachtra.



CAIBIDIL 16

Triail Tuisceana

1. Cén aois a bhí an bhean a stop ar thaobh an bhóthair?
2. Cén teanga a bhí á labhairt ag an duine a stop?
3. Cén sórt tuin chainte a bhí ag an máthair?
4. Conas a fuair sí réidh le smionagar na spásloinge?
5. Cé a thagadh isteach sa teach ósta le haghaidh lóin gach lá? Cár oibrigh sé?
6. Cén sórt duine í an bhean mheánaosta sa chaibidil seo, meas tú?
7. Cad a tharlódh, meas tú, dá dtuirlingeodh an mháthair i gceantar ina labhraítear Béarla?
8. Cén áit ar chaith an mháthair a cuid ama nuair nach raibh sí ag obair? Cén fáth?
9. Ar chreid sí go raibh a tuismitheoirí fós beo?
10. Cad a rinne sí ó am go chéile?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúbíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. **Meánaosta**

Brí: _____

Abairt: _____

2. Síob

Brí: _____

Abairt: _____

3. Ag lorg

Brí: _____

Abairt: _____

4. Tuin chainte

Brí: _____

Abairt: _____

5. Dearadh

Brí: _____

Abairt: _____

**Plé Ranga**

Smaoinigh faoi Mham agus í ag teacht go pláinéad nua. Is iomaí duine a fhágann a (h)áit chónaithe agus a théann go háit nua ar mhaithe le saol níos fearr a bheith acu. Uaireanta, bíonn sceitimíní ar dhaoine roimh a saol nua.

Sa leabhar seo, ní mar sin atá sé toisc nach raibh ann ach turas tragóideach taiscéalaíochta inar cailleadh tuismitheoirí na máthar.

1. Cad iad na mothúcháin a bhí ag an máthair, dar leat?
2. Ar léigh tú aon leabhar eile ina bhfuair duine bás go tragóideach mar sin?
3. Conas a bhraith tusa nuair a léigh tú an scéal sin?

Déantar é a phlé mar rang ar dtús agus ansin labhair le do pháirtí faoi.

**Gramadach: An Aimsir Ghnáthchaite**

Déanann an aimsir seo cur síos ar ghníomhaíochtaí a tharlaíodh go minic san am atá caite. Léigh na habairtí thíos agus cuir líne faoi na briathra atá san aimsir ghnáthchaite. Tá an chéad cheann déanta duit.


1. Aon uair nach mbíodh sí ag obair bhíodh mo Mham le feiceáil sa leabharlann áitiúil.

2. Nuair a chuireadh daoine ceist uirthi deireadh sí gur tháinig sí anseo ó Mheiriceá mar go raibh a tuismitheoirí marbh.
3. Théadh sí ar ais chun na coille ó am go chéile chun a chinntiú nár tháinig a tuismitheoirí á lorg.
4. Dhéanadh sí iarracht glaoch orthu gach oíche ar an ngléas cumarsáide.
5. Thagadh sé isteach sa teach ósta gach lá le haghaidh lóin.



Scríobh comhrá

In bhur mbeirteanna, scríobhaigí amach an comhrá a bhí ag an máthair lena seanmáthair ar an gnaipe cumarsáide. Is féidir é a chur i láthair an ranga. Úsáidigí frásaí saibhre in bhur gcomhrá.





CAIBIDIL 17

Triail Tuisceana

1. Cad a tharlaíonn don ghléas cumarsáide nuair a bhíonn aon duine ó Úbalonga ag iarraidh teacht ar an máthair go práinneach?
2. Cén fhadhb atá ag muintir Úbalonga faoi láthair?
3. Cá dtuirlingíonn an t-uncail nuair a thagann sé sa spáslong?
4. Cén fáth nach gcuireann an spáslong isteach ar na comharsana?
5. An bhfuil Daid ar an eolas faoi Úbalonga?
6. Cén méid siúcra a úsáideann gnáthdhuine ar Úbalonga sa lá?
7. ‘Bhí an saol mar a bhí nó mar a shíl mé a bhíodh iompaithe bunoscíonn ar fad.’ Cad atá i gceist ag an mbuachaill anseo?
8. ‘Ní mar a shíltear a bhítear.’ Sin a dúirt an mháthair i gcaibidil a trí. Tuigeann an buachaill anois go raibh an ceart ag Mam. Cén fáth?
9. An raibh an mháthair trína chéile agus í ag déanamh cur síos ar an bhfadhb atá roimh mhuintir Úbalonga? Cén fhianaise atá sa téacs a léiríonn é sin?
10. Ag tús an leabhair, dúirt an mháthair nach raibh dochtúir ag teastáil uaithe, ach ‘saineolaí de chineál eile ar fad’. Cad a bhí i gceist aici?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d’fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. gaol: _____
2. glaoch práinneach: _____
3. ídithe: _____
4. gorta: _____
5. ag snagaíl ghoil: _____
6. mianach siúcra: _____
7. oilte: _____
- 8.aineolaí: _____

Nathanna Cainte

Léigh na frásaí thíos agus cum abairtí leo. Inis na habairtí do do pháirtí.

1. Bhí an saol mar a bhí, nó mar a shíl mé a bhíodh, iompaithe bunoscionn ar fad.
2. Ní mar a shíltear a bhítear.
3. Ní dúirt mé a dhath an uair seo.
4. Bhí práinn ag baint leis.
5. Ní raibh aon ghá leis.
6. Theip orthu ceann eile a dhéanamh.
7. Ní chuireann sé isteach ná amach ar na comharsana.

Gramadach

Tá na focail sna habairtí thíos measctha suas. Scríobh amach i gceart iad gan féachaint ar an leabhar.

1. tháinig féin sí ar as Pláinéad. _____
2. go fóill chuid ceisteanna mo Choinneoinn. _____
3. gaolta marbh Tá liom measc féin ina atá siúd. _____
4. deacair Bhí thuiscint snagaíl an leis sé í a. _____
5. fiche os bliain cionn Táimse seo le domhan an ar. _____
6. lár i Tuirlingíonn hoíche ciúin sé go na. _____

Scríbhneoireacht

‘Ní mar a shíltear a bhítear.’

Cum scéal nó dán bunaithe ar an seanfhocal sin.

Taighde

Déan taighde ar shiúcra. Seo roinnt ceisteanna le cabhrú leat tús a chur le do chuid taighde:

- Cá bhfásann sé?
- Cén saghas planda é?
- Cén chaoi a ndéantar é a próiseáil?
- Cén mhaitheas atá ann don duine?
- Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann leis ó thaobh na sláinte de?
- Cad iad na tíortha is mó ina n-úsáidtear é?



CAIBIDIL 18

Triail Tuisceana

1. Cén 'réiteach an-simplí' atá ag an mbuachaill ar an bhfadhb?
2. Cén chaoi a bhfuil eolas ag an mbuachaill ar bhiatas siúcra?
3. Cad a d'úsáid Mam mar ghléas cumarsáide chun labhairt lena huncail?
4. Cad a cheap an buachaill faoin Úbaloingis mar theanga?
5. Scríobh alt faoi cad é go díreach a bheadh ag teastáil chun an plean seo a chur i bhfeidhm.
6. Cá ndéanfar an phróiseáil?
7. Cad a bhí le ceannach agus cad a bhí le cur?
8. Cén bhaint a bheadh ag an uncail leis?
9. Cén chaoi a bhfuil a fhios againn go raibh an buachaill sásta leis an gcuireadh a fuair sé dul go hÚbalonga?
10. Cén fáth a raibh loinnir in dhá shúil Mhamaí?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. *Togra*

Brí: _____

Abairt: _____

2. *Díomhaoin*

Brí: _____

Abairt: _____

3. Trealamh

Brí: _____

Abairt: _____

4. Loinnir

Brí: _____

Abairt: _____

5. Slánaitheoir

Brí: _____

Abairt: _____

**Éist agus Scríobh**

Éist le do mhúinteoir anois. Tá sé/sí chun sliocht ón gcaibidil a léamh amach. Léifidh sé/sí an sliocht faoi dhó. I ngrúpaí de cheathrar, éistigí leis an sliocht agus glacaigí síos nótaí de réir mar a bheidh sibh ag éisteacht. Ansin déan iarracht an sliocht a scríobh amach i gceart agus úsáid á baint as na nótaí a bheidh tógtha agaibh.

**Scríbhneoireacht**

Scríobh tuairisc ar an bplean atá acu chun siúcra a thabhairt go hÚbalonga. Scríobh amach mar thuairisc é leis na ceanteidil thíos:

- Teideal an phlean.
- An fhadhb - cad í?
- Réitigh is féidir a thriail.
- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na réitigh sin.
- An réiteach a mbainfear triail as.
- Conas an plean seo a chur i bhfeidhm.

**Drámaíocht/Sceitse**

Beidh tú ag obair le do pháirtí an uair seo. Ligigí oraibh féin gur iriseoirí sibh atá ag obair do stáisiún nuachta ar theilifís Úbalonga. Tá sibh tar éis cóip den phlean a scríobh an buachaill a fháil. Scríobhaigí tuairisc don stáisiún faoin bplean sin agus cuirigí an tuairisc i láthair an ranga mar scéal nuachta.



CAIBIDIL 19

Triail Tuisceana

1. Cén fad a thóg sé ar an mbeirt an t-ullmhúchán a dhéanamh don turas?
2. Conas mar a bhailigh Mam agus an buachaill na síolta agus na plandaí biatais?
3. Cén dianchúrsa a rinne an buachaill lena Mham?
4. Mínigh 'Tumoideachas' i do chuid focal féin.
5. Cad é an chéad rud a thug an buachaill faoi deara faoin spáslong?
6. Cén fáth a raibh cruth pirimidiúil ar an spáslong? Cén buntáiste a bhain leis?
7. Conas a dhéanann an buachaill cur síos ar uncail a mháthar?
8. Cad é do chéad imprisean den uncail? Cén sórt duine é, dar leat?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. *Ithir*

Brí: _____

Abairt: _____

2. *Mianraí*

Brí: _____

Abairt: _____

3. *Ó dhubh go dubh*

Brí: _____

Abairt: _____

4. Bhí an chuma ar an scéal go ...

Brí: _____

Abairt: _____

5. Liomóg

Brí: _____

Abairt: _____

**Plé Ranga**

1. Is caibidil sách fada í an ceann seo. Cad iad na príomhimeachtaí a tharlaíonn inti?
2. An éireoidh lena smaoineamh, meas tú?

**Scríbhneoireacht**

*'Mar a bheadh réalta reatha ag titim anuas tríd an spéir
bhí solas ag scinneadh anuas inár dtreo.'*

Scríobh scéal ina bhfuil an ráiteas thuas le léamh ag tús, i lár nó ag deireadh an scéil. Déan plean amach ar dtús agus úsáid nathanna saibhre ón téacs.

**Gramadach**

Tá na focail sna habairtí thíos measctha suas. Scríobh amach i gceart iad gan féachaint ar an leabhar.

1. orthu raibh Ní sé teacht éasca.

2. sin oiread Bhí ceisteanna againn an.

3. fanacht Ní ach raibh déanamh anois le.

4. shoicind oiread cúig feadh is ar fanacht Ní fhéadfainn.


5. againn bheirt an Bhí chistin sa.

6. chomharsanacht Ní le solas aon in eile teach sa raibh feiceáil.



Ealaín

Tarraing pictiúr de spáslong cosúil leis an spáslong sa scéal, nó déan ceann tú féin.





CAIBIDIL 20

Triail Tuisceana

1. An raibh an spáslong mór?
2. An raibh aon spás breise sa spáslong?
3. Liostaigh na rudaí go léir a chonaic an buachaill sa spáslong.
4. Cén rud a dhúnfadh go huathoibríoch?
5. Aimsigh an focal a insíonn dúinn cén saghas torainn a bhí ag teacht ón spáslong agus í ag taisteal.
6. Cad é an chleatráil aisteach a chuala siad?
7. Cén fáth a raibh ‘cuma inníoch buartha’ ar an uncail?
8. Cad a bhí le déanamh acu chun an fhadhb sin a réiteach?
9. Cén réiteach a mholann an buachaill?
10. An gceapann tú go mbeadh an seanuncail sásta an buachaill a fhágáil sa bhaile?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d’fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. curtha amú: _____
2. ag brionglóideach: _____
3. thuirling: _____
4. go huathoibríoch: _____
5. dordán: _____



Ealaín

Tarraing pictiúr den abairt seo:

‘Bhí mo dhá shúil ag dul thar na mogaill orm agus mé ag breathnú thart.’



An Suíochán Te

Tógfaidh duine amháin sa rang ról an bhuachalla, atá díreach tar éis teacht abhaile.

Cuir ceisteanna ar an mbuachaill. Cad a chonaic sé? Conas mar a bhí sé? An raibh eagla air?



Gramadach

1. Aimsigh sampla amháin d’aidiacht ar leathanach 81. _____
2. Aimsigh trí shampla den mhodh ordaitheach ar leathanaigh 81 agus 82.

3. Aimsigh trí shampla den aimsir chaite ar leathanach 83.

4. Aimsigh trí ainmfhocal san uimhir iolra sa chaibidil seo.



Scríbhneoireacht

Déan liosta de na rudaí

- a chloiseann an buachaill

- a fheiceann an buachaill

- a mhothaíonn an buachaill agus é ar bhord na spásloinge



Taighde

‘Tá cúrsaí spástaistil i bhfad níos sábháilte anois ná mar a bhí.’

Déan taighde ar an spástaisteal agus scríobh faoi stair agus faoi dhul chun cinn an spástaistil.



CAIBIDIL 21

Triail Tuisceana

1. Bhí ar an mbuachaill fanacht sa bhaile don chéad turas eile. Cén fáth nach raibh 'an dara rogha' aige?
2. Cad eile ab éigean a fhágáil sa bhaile chun spás a dhéanamh sa spáslong?
3. Cathain a bheadh an buachaill in ann taisteal lena sheanuncail arís?
4. Conas a mhothaigh an mháthair agus í ag fágáil slán ag a mac?
5. Cad a dúirt an t-uncail leis an mbuachaill agus é ag fágáil slán aige?
6. Cad a bhí ag teastáil ón mbuachaill chun cumarsáid a dhéanamh leo?
7. Cad a rinne an buachaill an oíche sin toisc nach raibh sé in ann dul a chodladh?
8. An bhfuil plean maith deartha ag an uncail? Cén fáth?
9. Cad a dúirt an buachaill lena mháthair chun í a chur ar a suaimhneas?
10. Cén fáth ar airigh an buachaill ualach bróin agus ualach uaignis nuair a bhí an spáslong ag dul in airde?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. ualach: _____
2. sollúnta: _____
3. ualach bróin: _____
4. ualach uaignis: _____
5. míogarnach: _____



Plé Ranga


Meas tú an ndearna an buachaill an cinneadh ceart? Cad a dhéanfa féin sa chás céanna?



Scríbhneoireacht

Scríobh scéal a thosaíonn mar seo:

‘D’airigh mé ualach trom ar mo chroí’.





CAIBIDIL 22

Triail Tuisceana

1. Cathain a tháinig Daid abhaile?
2. Cad a tharla do Mham agus dá huncaíl?
3. Conas a bhí an drochscéal faoin turas ar eolas ag Daid?
4. Cén fáth a bhfuil an gléas cumarsáide ag Daid?
5. Cad iad na fuaimeanna a chuala Daid ar an ngléas cumarsáide a thug le fios dó go raibh Mam i mbaol?
6. Cad a dúirt Mam le Daid sular phléasc an spáslong?
7. Cén chaoi a raibh a fhios ag an mbuachaill go raibh Daid trína chéile?



Stór Focal

Féach ar na focail/frásaí thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Úsáid d'fhoclóir chun iad a mhíniú. Idir lúibíní, tabhair le fios cé acu ainmfhocal, aidiacht nó briathar atá i gceist i ngach cás.

Cuir gach focal/frása in abairt nua de do chuid féin.

1. *Ataithe*

Brí: _____

Abairt: _____

2. *Eochair*

Brí: _____

Abairt: _____

3. *Meáchan*

Brí: _____

Abairt: _____

4. Ag scríobadh

Brí: _____

Abairt: _____

5. Ag stróiceadh

Brí: _____

Abairt: _____

**Éist agus Scríobh**

Éist le do mhúinteoir anois. Tá sé/sí chun sliocht ón gcaibidil a léamh amach. Léifidh sé/sí an sliocht faoi dhó. I ngrúpaí de cheathrar, éistigí leis an sliocht agus glacaigí síos nótaí de réir mar a bheidh sibh ag éisteacht. Ansin déanaigí iarracht an sliocht a scríobh amach i gceart agus úsáid á baint as na nótaí a bheidh tógtha agaibh.

**Gramadach: Na Bunuimhreacha**

Ar chlé thíos, tá ainmfhocail a thosaíonn le consan. Ar dheis, tá ainmfhocail a thosaíonn le guta. Déan staidéar cúramach ar na samplaí éagsula.

bosca amháin/ aon bhosca amháin	eochair amháin / aon eochair amháin
dhá bhosca	dhá eochair
trí bhosca	trí eochair
ceithre bhosca	ceithre eochair
cúig bhosca	cúig eochair
sé bhosca	sé eochair
seacht mbosca	seacht n-eochair
ocht mbosca	ocht n-eochair
naoi mbosca	naoi n-eochair
deich mbosca	deich n-eochair

1. Déan do mhachnamh ar na ceisteanna seo:

- Cad iad na patrúin a thugann tú faoi deara?
- Cad a tharlaíonn do na hainmfhocail?
- An san uimhir uatha nó san uimhir iolra atá na hainmfhocail?

2. I do chóipleabhar, scríobh síos an tuiscint atá agat ar an riail. Úsáid sampla nó dhó chun an riail a léiriú i ngach cás.
3. Anois, cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal ar fáil i ngach cás thíos.

a) 3 (peann) = _____	d) 2 (aidiacht)= _____
b) 4 (cat) = _____	e) 8 (ábhar) = _____
c) 9 (úll) = _____	



Scríbhneoireacht

Scríobh an iontráil dialainne trí shúile an athar bunaithe ar an gcaibidil seo.





CAIBIDIL 23

Triail Tuisceana

1. Cén fáth ar thug Daid an gléas cumarsáide don bhuachaill?
2. Cén fáth nár oibrigh an gléas cumarsáide don bhuachaill?
3. Cad a dhéanann an buachaill agus a Dhaid ó am go chéile?
4. Ón gcéad alt, tá sé soiléir dúinne go mbraitheann an buachaill uaidh a mháthair. Cad iad na sonraí san alt seo a léiríonn é seo?
5. Cén fáth a suíonn an bheirt acu sa ghairdín le chéile go minic?
6. An raibh tú sásta le críoch an leabhair seo? Cén sórt críche a scríobhfá féin dá mbeifeá ag scríobh an leabhair seo?



Stór Focal

Scríobh amach na cúig fhocal/fhrása ba mhó a thaitin leat sa leabhar seo.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Ansin, déan iarracht abairt nua a chumadh agus ceann amháin de na focail/frásaí sin i ngach aon cheann acu.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____



Plé Grúpa

1. An críoch shásúil í seo ar an leabhar, i do thuairim?
2. Cén carachtar is fearr sa leabhar? Cén fáth?
3. Cad é mórtheachtairacht an leabhair seo, dar leat?
4. Ar fhoghlaim tú aon rud ón leabhar seo?
5. An raibh tú in ann naisc a dhéanamh idir an leabhar seo agus leabhair eile atá léite agat, nó le do shaol féin?



Gramadach

1. Aimsigh trí shampla den tuiséal ginideach sa chaibidil seo.

2. Aimsigh trí shampla den aimsir láithreach ar leathanach 89.

3. Aimsigh dhá shampla den aimsir chaite ar leathanach 89.

4. Aimsigh dhá shampla den aimsir fháistineach ar leathanach 90.



Scríbhneoireacht

Cad é do bharúil den leabhar seo? I do chóipleabhar, scríobh léirmheas i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

- tuairisc nuachta
- script d'fhíseán
- blag
- litir chuig an údar



Ealaín

An dtaitníonn clúdach an leabhair leat? Dear clúdach eile a bheadh oiriúnach don scéal.

Obair bhreise

Íoslódáil an Triail Tuisceana seo faoi na pláinéid:

[12.Na-Pláinéid-caora](https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/12.Na-Pláinéid-caora) (<https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/12.Na-Plain%C3%A9id-caora.pdf>)



© AN GÚM